# Paca Lá Spraoi Lus na Gréine ar mhaithe leis an Ospís

TOGETHER FOR HOSPICE
THE NATIONAL HOSPICE MOVEMENT



Hospice Sunflower Days

TOGETHER FOR HOSPICE
THE NATIONAL HOSPICE MOVEMENT

**Gabhaimid buíochas leat** as tacú le d'ospís áitiúil trí chlárú chun Lá Spraoi Lus na Gréine a reáchtáil i do scoil ar mhaithe leis an Ospís i mí an Mheithimh.

Bíonn ar ionaid ospíse ar fud na tíre tuairim is €20 mhilliún a bhailiú gach bliain de réir mar atá an daonra ag éirí níos sine agus an t-éileamh do sheirbhísí speisialtóra ospíse agus cúraim baile mhaolaithigh ag ardú. Tá na cistí a bhailítear trí Laethanta Lus na Gréine ar mhaithe leis an Ospís thar a bheith riachtanach do na hionaid ospíse chun go mbeidh siad ábalta leanúint de chúram a chur ar fáil d'othair agus dá dteaghlaigh ar fud na tíre.

Beidh tionchar ollmhór ag rannpháirtíocht do scoile san imeacht ar shaol go leor leor daoine. Trí éadaí buí a chaitheamh agus airgead a thabhairt, tá tú i do lóchrann beag dóchais ag na daoine sin i do phobal féin a bhfuil cúram na hospíse ag teastáil uathu.

Tá roinnt leideanna úsáideacha agus roinnt ábhair curtha sa phaca againn daoibh chun go mbeidh sibh ábalta sásamh agus spraoi a bhaint as na bachlóga cibé uair a bheidh sibh ag reáchtáil bhur Lá Spraoi Lus na Gréine féin ar mhaithe leis an Ospís.




## San áireamh sa phaca tá:

- Litir chuig Tuismitheoirí / Caomhnóirí chun iad a chur ar an eolas faoin Lá Spraoi Lus na Gréine ar mhaithe leis an Ospís atá beartaithe agaibh agus tuilleadh eolais faoin áit a dtéann na tabhartais.
- Póstaer le crochadh sa scoil/seomraí ranga, más mian libh sin a dhéanamh.
- Leideanna maidir le do chuid síolta lus na gréine a chur.
- Leathanaigh dathadóireachta do na daltaí le húsáid cibé lá a mbeidh sibh ag reáchtáil bhur Lá Spraoi Lus na Gréine ar mhaithe leis an Ospís.

TOGETHER FOR HOSPICE
THE NATIONAL HOSPICE MOVEMENT

Dáta: __/__/__

A Thuismitheoirí / Chaomhnóirí,

Táimid le bheith rannpháirteach i Lá Spraoi Lus na Gréine ar mhaithe leis an Ospís chun tacú leis an ospís áitiúil. Táimid ag iarraidh ar na daltaí agus ar an bhfoireann rud éigin buí a chaitheamh chun na scoile ar an dáta thuasluaite. D'fhéadfá geansaí, hata, t-léine buí a chaitheamh - fút féin atá sé! Bheimis thar a bheith buíoch díot dá bhféadfadh do theaghlach €2 a thabhairt, nó cibé méid atá sibh in ann a thabhairt, agus rachaidh sé sin díreach chuig an ospís áitiúil a bhfuil na síolta lus na gréine agus acmhainní don lá tugtha go flaithiúil acu dúinn.

Bíonn ar ionaid ospíse ar fud na tíre tuairim is €2 mhilliún a bhailiú gach bliain de réir mar atá an daonra ag éirí níos sine agus an t-éileamh do sheirbhísí speisialtóra ospíse agus cúraim baile mhaolaithigh ag ardú. In 2023 amháin, chuir na seirbhísí Ospíse ar fud na hÉireann cúram ar fáil do 14,000 othar agus rinne siad breis is 87,000 cuairt cúraim baile. Tá na cistí a bhailítear trí Laethanta Lus na Gréine ar mhaithe leis an Ospís thar a bheith riachtanach do na hionaid ospíse chun go mbeidh siad ábalta leanúint de chúram a chur ar fáil d'othair agus dá dteaghlaigh ar fud na tíre. Fanfaidh gach euro a bhailítear sa cheantar áitiúil.

Tá scoileanna ar fud na tíre ag tacú lena n-ospís áitiúil trí bheith páirteach i Lá Spraoi Lus na Gréine ar mhaithe leis an Ospís ach is féidir leat súil a choinneáil amach freisin don bhailiú bliantúil a dhéantar ar an tsráid do Laethanta Lus na Gréine ar mhaithe leis an Ospís a bheidh ar siúl Dé hAoine agus Dé Sathairn an 6 agus 7 Meitheamh 2025.
Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.sunflowerdays.ie

Táimid thar a bheith buíoch díobh as bhur dtacaíocht.
Go raibh maith agaibh




Hospice Sunflower Days




Gheobhaidh tú do shíolta lus na gréine saor in aisce agus paca tiomsaithe airgid tar éis duit clárú

Tá Lá Spraoi Lus na Gréine don Ospís á eagrú againn chun tacú lenár n-ospís áitiúil.

# Lá Spraoi Lus na Gréine

**Tá muid ag tacú**

**Dáta**




Hospice Sunflower Days

TOGETHER FOR HOSPICE
THE NATIONAL HOSPICE MOVEMENT

TOGETHER FOR HOSPICE
THE NATIONAL HOSPICE MOVEMENT

# Leideanna chun na síolta a chur.

**Cuir ar aghaidh na gréine iad...cosúil le Lus na Gréine!**

## Na síolta a chur taobh istigh

D'fhéadfá a bheith ag iarraidh do chuid síolta a chur taobh istigh sa seomra ranga. Seo roinnt leideanna agus moltaí ina leith sin;

- Úsáid potaí aonair a bhfuil poill draenála in íochtar iontu, líon na potaí le múirín, déan poll beag sa lár le do mhéar agus cuir síol nó dhó ann. Clúdaigh na síolta le múirín.
- Cuir ar leac na fuinneoige sa seomra ranga iad agus coinnigh neart uisce orthu. Beifear in ann na síolphlandaí a chur taobh amuigh nuair a bheidh siad tuairim is 15cm ar airde.
- Coinnigh neart uisce orthu nuair a bheidh siad curtha. Fásfaidh siad an-sciobtha agus beidh ort taca a chur leo.

### Leid Mhór!

Úsáid potaí folmha iógairt a bhfuil poill curtha iontu chun na síolta a chur iontu.





## Ag cur taobh amuigh

- Moltar síolta lus na gréine a chur i bpotaí ach más le cur san ithir go díreach atá siad, cinntigh nach bhfuil fiailí ná féar san áit a bhfuil tú chun iad a chur.
- Déan poill 12mm ar doimhneacht agus fág 20cm idir gach síol. Cuir an síol sa pholl agus clúdaigh é le neart múirín.
- Cuir uisce go réidh ar na síolta agus coinnigh ag cur uisce orthu go dtí go mbeidh na plandaí fásta.

### Leid Mhór!

Is idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh an t-am is fearr chun síolta lus na gréine a chur.

Hospice Sunflower Days

# Hospice Sunflower Days



# Hospice Sunflower Days

